AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.6.2023
COM(2023) 314 final

ANNEXES 1 to 3

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le trédhearcacht agus sláine na ngníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)

{SEC(2023) 241 final} - {SWD(2023) 204 final} - {SWD(2023) 207 final}

IARSCRÍBHINN I
Faisnéis atá le soláthar san iarratas ar údarú

Beidh an fhaisnéis seo a leanas go léir san iarratas ar údarú:

(a) ainm iomlán an iarratasóra, seoladh na hoifige cláraithe laistigh den Aontas, suíomh gréasáin an iarratasóra agus, i gcás ina bhfuil fáil air, an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI);

(b) ainm agus sonraí teagmhála duine teagmhála;

(c) stádas dlíthiúil an iarratasóra;

(d) struchtúr úinéireachta an iarratasóra;

(e) céannacht chomhaltaí bainistíochta sinsearaí an iarratasóra agus leibhéal na cáilíochta, na taithí agus na hoiliúna atá acu;

(f) an líon anailísithe, fostaithe agus daoine eile atá bainteach go díreach le gníomhaíochtaí measúnúcháin, agus an leibhéal taithí agus oiliúna atá acu ag obair don iarratasóir agus an leibhéal taithí agus oiliúna atá acu;

(g) tuairisc ar na nósanna imeachta agus na modheolaíochta a úsáidtear chun rátálacha ESG arna gcur chun feidhme ag an iarratasóir a eisiúint agus a athbhreithniú;

(h) na beartais nó na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an iarratasóir maidir le haon choinbhleacht leasa dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán a shainaithint, a bhainistiú agus a nochtadh;

(i) i gcás inarb infheidhme, doiciméid agus faisnéis a bhaineann le haon socrú seachfhoinsithe atá ann cheana nó atá beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(j) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi ghníomhaíochtaí eile a dhéanann an t-iarratasóir, nó gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a sholáthar.

IARSCRÍBHINN II
Ceanglais eagraíochtúla

1. FAISNÉIS MAIDIR LE TAIFID A CHOINNEÁIL

Coimeádfaidh soláthraithe rátálacha ESG taifid maidir leis na nithe seo a leanas ar fad:

(a) gach rátáil ESG i bhfoirm tuairime, céannacht na n-anailísithe rátála a bheidh páirteach i socrú rátáil ESG, céannacht na ndaoine a d'fhormheas rátáil ESG, faisnéis faoi cibé ar iarraidh rátáil ESG nó arbh rátáil ESG gan iarraidh a bhí ann agus an dáta ar glacadh gníomhaíocht rátála ESG;

(b) gach rátáil ESG i bhfoirm scór, céannacht na ndaoine atá freagrach as forbairt na modheolaíochta riailbhunaithe, agus céannacht na ndaoine a d'fhormheas an mhodheolaíocht rátála;

(c) na taifid chuntais maidir le táillí a fuarthas ó aon eintiteas rátáilte nó ó aon tríú páirtí gaolmhar nó aon úsáideoir rátálacha;

(d) taifid chuntais do gach suibscríobhaí do rátálacha ESG;

(e) na taifid a thugann tuairisc ar nósanna imeachta agus modheolaíochtaí rátála bunaithe a úsáideann soláthraí rátálacha ESG chun rátálacha ESG a chinneadh;

(f) na taifid inmheánacha agus an chumarsáid sheachtrach agus na comhaid sheachtracha, lena n-áirítear faisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal agus páipéir oibre, a úsáidtear mar bhonn d'aon chinneadh rátála ESG a ghlactar;

(g) taifid ar na nósanna imeachta agus na bearta a chuir soláthraí rátálacha ESG chun feidhme chun an Rialachán sin a chomhlíonadh;

(h) an mhodheolaíocht a úsáidtear chun rátáil ESG a chinneadh;

(i) athruithe ar nósanna imeachta agus modheolaíochtaí caighdeánacha nó aon imeacht uathu;

(j) gach doiciméad a bhaineann le haon ghearán, lena n-áirítear na doiciméid sin a chuir gearánach isteach.

2. SEACHFHOINSIÚ

I gcás ina ndéanfaidh soláthraithe rátála ESG feidhmeanna nó aon seirbhísí nó gníomhaíochtaí ábhartha a sheachfhoinsiú chun rátáil ESG a sholáthar, áiritheoidh soláthraí rátálacha ESG go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an cumas, acmhainneacht, agus aon údarú a theastaíonn de réir an dlí ag an soláthraí seirbhíse chun na feidhmeanna, seirbhísí nó gníomhaíochtaí seachfhoinsithe a chur i gcrích go hiontaofa agus go gairmiúil;

(b) déanann soláthraí rátálacha ESG gníomhaíocht iomchuí más dealraitheach nach bhféadfaidh sé go bhfuil feidhmeanna seachfhoinsithe á gcur i gcrích go héifeachtach ag an soláthraí seirbhíse agus i gcomhréir leis an dlí agus leis na ceanglais rialála is infheidhme;

(c) coimeádann soláthraí rátálacha ESG an saineolas is gá chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na feidhmeanna seachfhoinsithe agus chun na rioscaí a bhaineann leis an seachfhoinsiú a bhainistiú;

(d) nochtann an soláthraí seirbhíse aon fhorbairt do soláthraí rátálacha ESG a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar a chumas na feidhmeanna seachfhoinsithe a chur i gcrích go héifeachtach agus i gcomhréir leis na dlíthe agus ceanglais rialála is infheidhme;

(e) is féidir le soláthraí rátálacha ESG deireadh a chur leis na socruithe seachfhoinsithe nuair is gá;

(f) déanann soláthraí rátálacha ESG bearta réasúnacha, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha, chun riosca oibríochtúil míchuí a bhaineann le rannpháirtíocht an tsoláthraí seirbhíse sa phróiseas faoina gcinntear rátálacha ESG a sheachaint.

IARSCRÍBHINN III
Ceanglais maidir le nochtadh

1. NOCHTADH ÍOSTA DON PHOBAL

I gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán, nochtfaidh soláthraithe rátálacha ESG, an méid seo a leanas, ar a laghad, don phobal ar a suíomh gréasáin agus tríd an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP):

(a) forbhreathnú ardleibhéil ar na modheolaíochtaí rátála a úsáidtear (agus ar athruithe orthu), lena n-áirítear an bhfuil anailís siarbhreathnaitheach nó réamhbhreathnaitheach;

(b) forbhreathnú ardleibhéil ar phróisis sonraí (foinsí sonraí, lena n-áirítear más foinsí poiblí nó neamhphoiblí iad, agus má fhaightear iad ó ráitis inbhuanaitheachta a cheanglaítear le Treoir (AE) 2022/2464, meastachán ar shonraí ionchuir i gcás nach bhfuil siad ar fáil, minicíocht nuashonruithe sonraí);

(c) faisnéis maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na modheolaíochtaí bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus an chaoi a bhfuil na modheolaíochtaí bunaithe ar fhianaise eolaíoch;

(d) faisnéis maidir le cuspóir na rátálacha, lena léirítear go soiléir cé acu atá nó nach bhfuil rioscaí, tionchair nó gnéithe eile á measúnú leis an rátáil;

(e) raon feidhme na rátála – i.e. an rátáil chomhiomlánaithe í (tosca comhshaoil agus sóisialta agus rialachais á gcomhiomlánú), nó an rátáil tosca aonair nó saincheisteanna sonracha í (e.g. rioscaí aistrithe);

(f) i gcás rátáil chomhiomlánaithe ESG, ualú na dtrí chatagóir uileghabhálach de thosca ESG (e.g. 33 % Comhshaol, 33 % Sóisialta, 33 % Rialachas), agus an míniú ar an modh ualaithe, lena n-áirítear ualú in aghaidh na dtosca aonair comhshaoil, sóisialta agus rialachais;

(g) laistigh de thosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, sonrú na dtopaicí a chumhdaítear le rátáil/scór ESG, agus an gcomhfhreagraíonn siad do na topaicí ó na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna bhforbairt de bhun Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE;

(h) faisnéis maidir le cibé acu i ndearbhluachanna nó i luachanna coibhneasta a shloinntear an rátáil,

(i) I gcás inarb infheidhme, tagairt d'úsáid na hintleachta saorga (IS) sa phróiseas bailithe sonraí nó sa phróiseas rátála/scórála;

(j) faisnéis ghinearálta maidir leis na critéir a úsáidtear chun táillí do chliaint a shuí, lena sonraítear na gnéithe éagsúla a cuireadh san áireamh, amhail rannpháirtíocht anailísithe sonraí, trealamh TF, sonraí ceannaigh;

(k) aon teorainn atá ar na foinsí sonraí a úsáidtear chun rátálacha ESG a fhorbairt.

2. NOCHTUITHE BREISE D'ÚSÁIDEOIRÍ RÁTÁLACHA ESG AGUS DO GHNÓTHAIS RÁTÁILTE FAOI RAON FEIDHME THREOIR 2013/34/AE

Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán, cuirfidh soláthraithe rátálacha ESG an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do ghnóthais airgeadais rialáilte Eorpacha agus do ghnóthais faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE atá faoi réir rátáil den sórt sin:

(a) forbhreathnú níos mionsonraithe ar na modheolaíochtaí rátála a úsáideadh (agus ar athruithe orthu), lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(1) i gcás inarb infheidhme, fianaise eolaíoch agus toimhdí ar a bhfuil na rátálacha bunaithe,

(2) an bhfuil an anailís siarbhreathnaitheach nó réamhbhreathnaitheach,

(3) na méadrachtaí a roghnaíodh de réir mar is iomchuí,

(4) ETFanna ábhartha le haghaidh na dtosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, agus an modh ualaithe,

(5) aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann sna modheolaíochtaí,

(6) beartais chun modheolaíochtaí a athbhreithniú,

(7) dáta an athbhreithnithe is déanaí;

(b) forbhreathnú níos mionsonraithe ar phróisis sonraí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(1) míniú níos mionsonraithe ar na foinsí sonraí a úsáideadh – foinsí poiblí nó neamhphoiblí, ina luaitear cé acu a dhíorthaítear nó nach ndíorthaítear ó na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a forbraíodh de bhun Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE/Tacsanomaíocht/SFDR],

(2) i gcás inarb infheidhme, úsáid meastachán agus meán an tionscail agus míniú ar an modheolaíocht fholuiteach,

(3) na beartais maidir le sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí stairiúla, dáta na nuashonruithe is déanaí ar shonraí,

(4) rialuithe cáilíochta sonraí,

(5) aon bhearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha ar na foinsí sonraí, i gcás inarb infheidhme;

(c) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi rannpháirteachas le heintitis rátáilte;

(d) i gcás inarb infheidhme, míniú ar aon mhodheolaíocht intleachta saorga a úsáidtear sa phróiseas bailithe sonraí nó sa phróiseas rátála;

(e) i gcás faisnéis mhór nua maidir le heintiteas rátáilte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thoradh rátáil ESG, cuirfidh soláthraithe rátálacha ESG in iúl conas a chuir siad an fhaisnéis sin san áireamh agus cibé acu a leasaigh nó nár leasaigh siad rátáil chomhfhreagrach ESG.